

## Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

- **www.jct.ie** – Tá sé mar aidhm ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí tacú le scoileanna Creat na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm agus eolas a chur ar fáil do mhúinteoirí agus eolas ginearálta a chur ar fáil maidir leis an tSraith Shóisearach nua. Tá sainrannóg ann don Stair ar an suíomh gréasáin.

- **www.curriculumonline.ie** – Is suíomh é suíomh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) inar féidir teacht ar phríomhdhoiciméid amhail Sonraíocht na Staire, Treoirlínte maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe agus an Tasc Measúnaithe.

Is féidir dul i dteagmháil linn ag an ríomhphost:
**History@jct.ie**

Lean muid ar Twitter **@jcthistory**



## Cad a tharlaíonn thar thrí bliana de Stair na Sraithe Sóisearaí?

### An Chéad Bhliain

Tugann scoláirí faoi thrí shnáithe i Sonraíocht na Staire.
Tacaíonn measúnú foirmitheach le foghlaim
Tosaíonn scoláirí ar scileanna an staraí a fhorbairt

### An Dara Bliain

Leanann scoláirí orthu ag plé leis an trí shnáithe i Sonraíocht na Staire .

Tacaíonn measúnú foirmitheach le foghlaim

Críochnaíonn na scoláirí an chéad mheasúnú rangbhunaithe (MRB):
'An t-am atá thart i m'áit.

Tugann múinteoirí faoi chruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú (AFMÁ).

### An Tríú Bliain

Leanann scoláirí orthu ag plé leis an trí shnáithe i Sonraíocht na Staire .

Tacaíonn measúnú foirmitheach le foghlaim

Críochnaíonn na scoláirí an dara measúnú rangbhunaithe (MRB):

'Saol i dTréimhse Ama'.

Tugann múinteoirí faoi chruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú (AFMÁ).

Tugann scoláirí faoin Tasc Measúnaithe agus déantar an Scrúdú Deiridh

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Eolas ar Stair na Sraithe Sóisearaí

## Stair na Sraithe Sóisearaí

Cuireann Stair na Sraithe Sóisearaí an scoláire i gceartlár an phróisis fhoghlama. Tugann sé deis chun triail a bhaint as bealaí nua chun an Stair a fhoghlaim agus réimse níos leithne scileanna staire a mheas. Tá mar aidhm ag staidéar ar Stair na Sraithe Sóisearaí scoláirí a chumasú chun an bhaint a fheiceáil atá ag an am a caitheadh le domhan an lae inniu, rud a cheadaíonn dóibh baint níos suntasaí a bheith acu le ceisteanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Baineann scoláirí sult freisin as foghlaim faoi eispéiris shuimiúla daoine san am a chuaigh thart agus mar a d'imir siad tionchar agus mar a mhúnlaigh siad an domhan ina mairimid beo sa lá atá inniu ann.

## Struchtúr an Chúrsa Staire

Scoláirí a bhíonn ag déanamh Staire leanfaidh siad sonraíocht nua ábhair. Leagann an tsonraíocht nua níos mó béime ar scileanna a bheadh de dhíth lasmuigh den seomra ranga a fhorbairt agus spreagfaidh múinteoirí na scoláirí chun sult a bhaint as an Stair agus trí shnáithe foghlama á leanúint acu:

**Snáithe 1:** Nádúr na Staire
**Snáithe 2:** Stair na hÉireann
**Snáithe 3:** Stair na hEorpa agus An Domhain Mhóir

Díríonn Snáithe 1 ar Stair mar dhisciplín. Cabhraíonn sé chun scileanna staire a fhorbairt agus scoláirí a mhúnlú mar staraithe. Tugann Snáitheanna 2 agus 3 deis do scoláirí dul i ngleic leis na scileanna seo trí staidéar a dhéanamh ar phearsana, ceisteanna agus imeachtaí sa stair ó Éirinn agus ón Domhan Mór




## Cad iad na hathruithe sa seomra ranga?

Beidh aird scoláirí i seomra ranga na staire dírithe ar a bhforbairt féin mar staraithe. Cabhróidh sé go mór leis an eolas stairiúil atá acu trí thopaicí agus tréimhsí ama suimiúla staire a chur os a gcomhair, agus deis a bheith acu léargas ' mórphictiúir' a bheith acu ar an am atá thart.

Iarrann Stair na Sraithe Sóisearaí ar scoláirí:

- machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair
- suntas a thabhairt dá stair chultúrtha
- breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise
- tuairisc a dhéanamh ar músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile
- cúisí, cúrsa agus iarmhairtí na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann a aithint
- fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh
- an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú
- naisc a dhéanamh idir stair áitiúil nó mhuintire agus eachtraí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta
- an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtach ar oileán na hÉireann agus sa domhan mór a bhí sna 1960idí a phlé
- tionchar gabhála agus coilínithe ar dhaoine a mheas
- tábhacht an chinedhíothaithe agus an Uileloiscthe a fhiosrú
- a mhéid is a chuidíonn forbairtí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta le hathrú stairiúil a fhiosrú

Is sleachta iad seo ó chuid de na 38 toradh foghlama laistigh de shonraíocht na Staire. Chun an téacs iomlán de na torthaí foghlama a fháil, tabhair cuairt ar: **www.curriculumonline.ie**

## Cén chaoi a ndéanfar measúnú ar ghnóthachtáil sa Stair?

Is í aidhm an mheasúnaithe agus an tuairiscithe i Stair na Sraithe Sóisearaí tacú le foghlaim. Is cuid den phróiseas foghlama é an measúnú agus ba chóir barr feabhais a chur ar na deiseanna do scoláirí chun a bheith athmhachnamhach agus ina rannpháirtithe gníomhacha ina gcuid foghlama, agus a gcuid múinteoirí a bheith ag tacú leo i rith an ama .Tabharfaidh scoláirí faoi Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) 'An tAm atá Thart i m'Áit Féin' ag deireadh an dara bliain agus MRB eile ' Saol Óg i dTréimhse Ama' sa dara téama den tríú bliain. A luaithe is a chríochnóidh siad an dara MRB, beidh Tasc Measúnaithe (TM) scríofa le déanamh acu. Díreoidh sé seo ar an méid atá foghlamtha acu agus ar na scileanna atá forbartha acu. Tarlóidh an tasc seo le linn gnátham ceachta agus seolfar ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é le haghaidh a mharcála. Is fiú 10% den mharc iomlán é an Tasc Measúnaithe.



## Scrúdú Deiridh

Beidh scrúdú deiridh Staire ag scoláirí sa tríú bliain. Sa scrúdú, mairfidh páipéar amháin scrúdaithe ar feadh dhá uair an chloig ag an leibhéal comónta. Is é an CSS a shocróidh agus a mharcálfaidh é agus déanfar é sin chomh maith leis na MRBnna a thuairisciú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a gheobhaidh an scoláire..

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers